

Na Téarmaí agus Coinníollacha a bhaineann leis an Scéim Dochair Dhírighe Athraithigh SEPA a úsáid, ar áis é d'Fhostóirí a íocann Cáin Ioncaim / ÁSPC / MSU / CMÁ Fostóra

- Tá na Rialacha agus Rialacháin maidir le hairgead a bhailiú trí Dhochar Díreach SEPA á rialú ag Cónaidhm Baincéireachta agus Íocaíochtaí na hÉireann, agus féadtar teacht ar an suíomh idirlín ar **www.bpfi.ie**
- Tabhair do d'aire an **Téacs Dlíthiúil** a chuirtear ar fáil don iarratas ar líne.
- Lamhálas ó na Coimisinéirí Ioncaim is ea rannpháirtíocht sa Scéim Dochair Dhírighe Athraithigh SEPA agus féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim athbhreithniú a dhéanamh air agus é a tharraingt siar.

Dualgais cáiniocóirí nuair atá Cáin Ioncaim / ÁSPC / MSU / CMÁ Fostóra á íoc de bhun Dochar Díreach SEPA

- Tá sé tábhachtach go ndéanann tú athbhreithniú cúramach ar d'fhógra Dochair Dhírighe Athraithigh SEPA i leith sonraigh dáta na chéad íocaíochta agus an tréimhse lena mbaineann.
- Ní mór duit a chinntiú go ndéanann tú socruithe chun do Cháin Ioncaim / ÁSPC / MSU / CMÁ Fostóra a íoc ar líne i leith tréimhsí roimh an chéad tréimhse a íocadh de bhun Dochar Díreach.
- Ba chóir duit a chinntiú go bhfuil do dhóthain cistí agat i do chuntas bainc chun an tsuim atá dlite do na Coimisinéirí Ioncaim a chlúdach gach mí. Beidh an tsuim dlite bunaithe ar an iarmhéid amuigh don tréimhse, agus dá réir féadfaidh sé go n-athróidh sé. Déanfar asbhaintí ó do chuntas bainc ar an tríú lá oibre deireanach den mhí.
- Measfar gur íocaíochtaí déanacha iad íocaíochtaí a fhaightear tar éis an tríú lá oibre deireanach den mhí agus féadfaidh siad a bheith faoi réir Ús ar Íocaíocht Dhéanach.
- Má tá aon chreidmheasanna ar fáil roimh an dáta asbhainte Dochair Dhírighe Athraithigh, féadfaidh sé go ndéanfar é sin a fhritháireamh in aghaidh d'iarmhéid amuigh.

Téacs Dlíthiúil: Ach an fhoirm seo um shainordú a shíniú, údaraíonn tú do (A) na Coimisinéirí Ioncaim treoracha a sheoladh chuig do bhanc chun airgead a bhaint as do chuntas agus (B) do do bhanc chun airgead a bhaint as do chuntas de réir na treorach ó na Coimisinéirí Ioncaim. Mar chuid de do chearta, tá tú i dteideal aisíocaíocht a fháil ó do bhanc faoi théarmaí agus coinníollacha do chomhaontaithe le do bhanc. Ní mór aisíocaíocht a éileamh taobh istigh de 8 seachtaine ag tosú ón dáta óna mbaintear airgead as do chuntas. Tá míniú ar do chearta i ráiteas a fhéadtar a fháil ó do bhanc.

Ní comhairle ghairmiúil atá sa doiciméad seo ach treoir amháin, agus níor cheart a mheas gur comhairle dhlíthiúil é ach an oiread. Níor chóir glacadh leis gur treoir chuimsitheach é, ná go dtugann sé freagra cinntitheach i ngach cás.